(Rural life)

AN SAOL I RÉ

VICTORIA



TITHÍOCHT TUAITHE

CLÁR ÁBHAR

Leathanach

A	Ag ullmhú dod chuairt ar an Mhusaem	3
B	An chuairt ar an Mhusaem	10
C	Tar éis do chuairte	13

Cuídeoidh na gníomhaíochtaí sa leabhrán seo le téama lárnach "Nádúr an tSaoil Tuaithe I Ré Victoria" a liéiriú. Is ceann de shraith ghníomhaíochtaí gur féidir a úsáid mar chuid den KS2 Aonad Staidéir Staire "An Saol i Ré Victoria".

A Ullmhúchán dod chuairt ar an Mhusaem

Roinn do rang i ngrúpaí de thimpeall ar sheisear.

Fótachóipeail tacair na bhfoinse seo leanas agus greille do ghach grúpa. (B'fhéidir gur mhaith leat an ghreille a mhéadú go A3.)

Scar na foinsí agus cuir gach tacar I gclúdach. Tabhair clúdach amháin do ghach grúpa páistí.

Ba cheart do ghach grúpa:

(a) Duine amháin a cheapadh leis an eolas a scríobh síos.

(b) Na foinsí a roinnt ar na baill eile den ghrúpa.

(c) Staidéar cúramach a dhéanamh ar na foinsi agus ansin an ghreille a líonadh de réir na bhfoinsí.

(Is féidir go bhféadfaí cuid de na bocsanna a fhágáil folamh agus is leor freagraí aon fhocail amháin.)

NB Aithníonn muid gur féidir le cuid den ábhar seo a bheith ródhoiligh dod rang. Más mar sin é, athraigh é I gcibé dóigh gur fearr leat féin. B'fhéidir gur mhaith leat é a thaifeadadh ar chaiséad mar ábhar éisteachta don rang.

FOINSÍ-SAOL TUAITHE

Foinse 1

Bhí cónaí ar thart ar 14 chlann sa chloigín tithe ar a dtugtar Machaire Gathlán. I dteach aon-sheomra, chodail an mháthair agus an t-athair I leaba cois tine agus bheabh na páistí ina gcodladh ag bun an tí ar chúpla punann coirce clúdaithe le seancheirteacha agus málaí. Bhí an bhó ag bun an tí fosta agus bhí clais idir cuid na bó agus cuid na ndaoine. Sna laethanta sin creideadh gur ceart an bhó a choinneáil te cosúil leis na daoine.

Diomaite den leaba, bhíodh cúpla cathaoir cruaidh, stólta agus tábla bídeach áit a shuíodh na tuismitheoirí, an t-athair mór agus an mháthair mhór le n-ithe. Shuíodh na páistí ar a n-gogaide thart ar chlár i lár an urláir. Thumadh siad a bprátai sa salann agus piobar agus dá mbeadh an t-ádh orthu gheobhadh siad bláthach fosta. Ba shin a raibh.

Fred Coll, a raibh cónaí air I Machaire Gathlán, c.1900

✂----------

Foinse 2

I 1907 Chuir Andrew McKenzie, a raibh cónaí air gar do Bhaile Bháltair, Co An Dúin, síos ar a shaol.

Bhí sé ina chónaí lena bhean chéile agus seisear páiste idteachín bideach aon-sheomra, a bhallaí fódaithe agus a cheann tuí ag ligean deoir anuas. Bhain sé maireachtáil shuarach amach (nuair a bhi obair ar fáil) mar sclábhaí feirme agus d'fhás sé prátaí sa cheapach bheag a bhí taobh a thí cíosaithe. Liostaíonn sé a bhfuil sa teach aige:

crúiscín, mias agus trí shean-phláta; muga gan chluas, seanscian, dhá thaechupán (ceann acu creacáilte) agus trí fhóchupán; taephota gan chlaibín, babhla adhmaid deisithe go mór, ciseán briste agus leaba tuí le seanchuilt stróicthe ar an urlár.

Chuir sé síos fosta ar chothú na clainne:

"Práitaí dar mbéilí go léir;
Cuireann muid beagán leo –
Agus salann, nuair nach bhfuil sin ar fail."

✂----------

Foinse 3

…Go mion minic níl fuinneog ar bith, nó simléar ar bith, an solas ag teacht ó ghága sa doras. Is annamh a choinnitear cóir ar an cheann tuí, agus is minic a shileann an fhearthainn anuas, ionas go mbionn leath den teach de shíor ar maos. Seomra amháin atá I bhfurmhór acu, áit a itheann agus codlaíonn an chlann go léir; go ginearálta bíonn leaba thrucaile sa chúinne do fhear a' tí, nó na seanóirí ach luíonn an chuid eile den chlann le chéile ar thuí nó fraoch, leagtha ar an urlár, clúdaithe le pluid, má ta ceann acu, agus éadaí an lucht codlata ….. Cónaíonn an mhuc – an cuairteoir buan – an bhó mas ann di – agus uaireanta cúpla cearc, sa seomra céanna san oíche. Mar throscán bíonn pota iarainn leis na prátaí a bheiriú ann; driosúr garbh, uaireanta; cúpla stól trí chos; cúpla suíochán cloiche ar dhá thaobh na tine mhóna; tábla, ach chan I gcónaí; cis chaolaigh –ina caithtear na prátaí nuair a bheirítear iad. Bíonn an carn aoiligh le fáil gar do ghach doras I gcónaí – direach trasna an táirsí de ghnáth, ionas go gcuirtear cúpla leac air mar chasán. Muna mbeadh an aoileach ann ni fhásadh aon bhia, caithfear gach pioc a chur ar na prátaí.

Mr & Mrs S C Hall
ag taistil in Éirinn sna 1840í

✂----------

Foinse 4

Samhlaigh ceithre bhalla clábair tirm, agus mar dhíon beagán tuí no cúpla scraith, mar shimléar poll gearrtha sa díon, nó an doras trín ar éalaíonn an toit. Cónaíonn an t-athair, máthair, páistí agus uaireanta athair mór nó máthair mhór i seomra amháin; nil troscán ar bith sa bhothán dearóil; bíonn leaba tuí amháin don chlann go léir. Is féidir cúigear nó seisear páiste leath-nocht a fheiceáil cromtha gar do thine shuarach, a gríosach ag clúdadh cúpla práta, bia iomlán na clainne. Ina lár seo ar fad luíonn muc shalach, an taon chréatúr rathúil san áit, mar maireann sí sa salachar. Ar an chéad bharúil shilfeá gur chomhartha anró é muc I mbothán Gaelach; ní mar sin é, is comhartha só réasúnta é. Bíonn an bochtanas is measa sa bhothón gan mhuc…. Tá mé díreach tar éis cur síos ar áitreabh sclábhaí feirme Gaelach.

Gustave de Beaumont
(Taistealaí Francach in Éirinn c.1840)

✂----------

Foinse 5

Samhlaímis anois ceann de na teachíní cluthmhara Éireannacha, mar bíonn a leithéid le fáil uaireanta…. Ní raibh leibhéal uachtair ann ach bhi seomra ar dheis agus ar chlé na cistine, seomraí codlata na clainne, iad feistithe go breá. Bhi gach ball troscán a bheadh de dhith ort, ar ndóiche, sa teachín seo. Bhí an driosúr feistithe go breá le plátaí; bhí trí nó ceithre stól trí chos, agus ar achan taobh an simléir suíochán cloiche. Bhi dhá thúirne ann. Sampla na h-aicme bisigh ata sa teachín seo, ina fheisteas lasmuigh agus lastigh. Bhí an dion slán; d'oscail agus dhruid na fuinneoga, bhi an carn aolaigh faoi ghiota réasúnta den doras; bhí a cró féin ag an mhuc; bhí stábla don bhó agus don chapall .

Mr. & Mrs S C Hall (travellers in Ireland 1840s)

✂----------

Foinse 6

Ulster Folk & Transport Museum

Foinse 7

Teach Fód gar do Dhroichead Thuama, Co Aontroma UFTM WAG 269

✂----------

Foinse 8

Foinse 9

Áitreabh Bóithigh c.1880. Gaoth Dobhair, Co Dhún na nGall UFTM L440/1

Foinse 10



Teach Feirme agus sciobóil rathúla
Éadan Eadarnaigh, Co An Dúin UFTM L975/1

TITHÍOCHT TUAITHE

Scrúdaigh an fhianaise. Is leor focal amháin mar fhreagra de ghnáth. Munar féidir leat an fhianaise a fháil le ceist a fhreagairt fág an bocsa glan.

	1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
Bhí díonta tuí ar thithe tuaithe										
Ní raibh ach seomra amhháin i dtithe tuaithe										
Feirmeoirí a bhí sna daoine a chónaíodhi i dtithe tuaithe agus bhí talamh acu										
Bhí níos mó ná seomra amháin I dtithe tuaithe										
Mhair daoine agus ainmhithe le chéile i dtithe tuaithe éigin										
Bhí tithe tuaithe geal análach, glan le móran fuinneog										
Bhi na daoine a chónaíodhi i gceantair tuaithe seascair, sócúlach										

EOCHAIR

Tá fianaise san fhoinse ag tacú leis an ráiteas seo ✓

Tá fianaise san fhoinse ag bhréagnaionn an ráiteas seo ×

Níl fianaise ar bith san fhoinse ar an abhar seo **O**

B An Chuairt ar an Mhusaem

Roimh do chuairte, cuir glaoch teileafóin ar an Roinn Oideachais ag an Mhusaem (Béal Feirste 90 428428) roimh ré agus cuir in iúl dóibh na tithe a bheidh sibh da gcuartaíocht.

Déan cóipeanna den ghreille seo leanas agus tabhair cóip do ghach grúpa le bord fáiscin.

Ba cheart do ghach grúpa cuairt a thabhairt ar an thri theach seo

Mín na gCarrach Uimhir 47 ar an léarscáil)

Machaire Gathlan (Uimhir 50 ar an léarscáil)

Droim na bhFuinseann (Uimhir 51 ar an léarscáil)

agus an ghreille a líonadh ag baint fianaise ó na tithe féin agus a bhfuil iontu.

NB Ba cheart do na grúpaí tosaigh leo ag tithe difriúla, más féidir, mar tá na tithe luaite measartha beag.

FIANAISE Ó FHOIRGNIMH – TITHE TUAITHE

Scrúdaigh an fhianaiose. Is leor focal amháin mar fhreagra de ghnáth. Munar féidir leat fianaise a fháil le ceist a fhreagairt fág an bocsa glan.

	Mín na gCarrach	Machaire Gathlán	Droim na bhFuinnseann
Cá mhéad seomra atá sa teach seo?			
Cad as a bhfuil an t-urlár déanta?			
An raibh mórán troscán ag na daoine seo?			
Cén teas atá ann?			
Cén solas atá ann?			
An bhfuil soláthar uisce sa teach?			
An bhfuil leithreas sa teach? Cá bhfuil sé?			
Cá rinneadh an chócaireacht?			
Bhí sé coitianta clanna 8 nó 10 duine a bheith ina gcónaí i dteach mar seo. An raibh go leor leapacha dóibh uilig?			
Muna raibh go leor leapacha, cad air a chodlaigh an chuid eile den chlann?			
Cén fhianaise atá ann gur roinneadh an teach leis na h-ainmhithe?			
Cén fhianaise atá ann go ndearna an chlann im?			
An bhfuil fianaise ar bith ann go raibh airgead le caitheamh			

ag an chlann ar bhreis agus na bunriachtanais an tsaoil?			
Liostaigh fianaise ar bith ar féidir leat a fháil **A**			
B			
C			
D			
E			
F			
G			
H			

C Tar Éis do Chuairte

Scar na ráitis saoil tuaithe agus tabhair tacar amháin maraon leis an léaráid Venn do ghach grúpa.

Leanadh na grúpaí na treoracha seo:

(a) Ceap duine eile leis an eolas a bhreacadh sios

(b) Roinn na ráitis amach i mease an chuid eile den ghrúpa

(c) Léann gach duine a ráiteas agus socraionn an grúpa an teach nó tithe lena bhaineann sé. Scriobhtar síos an litir sa spás ceart den léaráid.

Ráitis – Saol Tuaithe

✂----------

A Bheadh siad ocrach agus fuar go minic.

✂----------

B D'thostódh siad líon sclábaithe feirme agus seirbhísigh.

✂----------

C Bheadh orthu a ghabháil go hAlbain nó Sasana gach bliain le h-airgead a shaothrú san fhomhar.

✂----------

D Bheadh brat urláir feistithe sa teach seo.

✂----------

E Bheadh a lán innealra feirme ag na daoine seo.

✂----------

F D'fhostódh siad páistí ar aontai fostaithe le h-obair ar a Bhfeirmeacha.

✂----------

G D'itheadh siad feoil go minic mar chuid da n-aiste bia.

✂----------

H Bhí a gcuid ainmhithe ina gcónaí sa teach

✂----------

I Bhí a spás cónaithe féin acu.

✂----------

J Bhí cuid mhór talún ag an fheirmeoir seo.

✂----------

K Tógadh an teach seo le h-ábhair a bhí ar fáil go h-áitiúil.

✂----------

L Ba dhoiligh an streachailt íag na daoine seo iad féin a chothú.

✂----------

M D'oibreódh na daoine seo mar sclábhaithe feirme ar fheirmeacha gar dóibh.

✂----------

N Bheadh na daoine seo ag brath ar dhéirc ó chomharsana agus nah-eaglaisí.

✂----------

O Chodlódh a bpáistí ar charn tuí nó fraoigh ar an urlár.

✂----------

P Bhí go leor airgid ag na daoine seo le troscán breá a cheannach.

✂----------

Q Rinne na daoine sa teach seo a gcuid troscán féin.

✂----------

✂----------

R Chuireadh siad a gcuid páistí go h-aontaí fostaithe.

✂----------

S Bheadh roinnt gléas leictreach sa teach seo.

✂----------

LÉARÁID VENN